Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2025

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Léann Clasaiceach

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Nótaí Mínithe/Giorrúcháin don Mharcáil ar Líne**

| Siombail | Cur síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
|  | Líne chorrach cheartingearach | Tá leathanach/roinn gan aon ábhar ón iarrthóir feicthe ag an scrúdaitheoir |
| **NR** | Gan Freagra | Ní dhearnadh iarracht ar cheist iomlán |
| ✓ | Tic (bán) | Léadh an leathanach agus tá aon ábhar ón iarrthóir measta i dtreo an mhairc a bhronntar don cheist ábhartha |
| ✗ | X | Ábhar mícheart |
| ✓5 | Tic le huimhir | Líon na marcanna bronnta (m.sh. 5 mharc) |
| 0 | Náid | Gan aon mharc bronnta |
| [ ] | Lúibíní cearnógacha | Ábhar curtha san áireamh i ngach aonad forbartha (pointe) i gcás Cheisteanna 11b-16 |
| P1 | P1, P2, P3, P4 | Bronnadh marcanna ar gach ‘aonad forbartha’ (pointe) i gCeisteanna 11b-16 |
| Q | Q | Marc don Cháilíocht Ghinearálta i gCeisteanna 11b-16 |
| → | saighead | Nuair leanann an freagra ar aghaidh ar leathanach breise no forlíonadh. |
| K | K | An marc a bronnadh ar Thuairiscín Eolais an TST |
| A | A | An marc a bronnadh ar Thuairiscín Anailíse an TST |
| E | E | An marc a bronnadh ar Thuairiscín Fianaise an TST |
| OC | OC | An marc a bronnadh ar Thuairiscín Comhleanúnachais Ghinearálta an TST |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Roinn A** Réasúnaíocht agus | Rannpháirtíocht mhaith 6 – 10 | | Rannpháirtíocht bhunúsach 0 – 5 |
| Cur chuige<br><br>**(10 marc)** | • Aidhm an tionscadail leagtha amach<br>• Nasc leis an ábhar a leagtar síos<br>• Achoimre ar chur chuige an taighde agus/nó foinsí<br>****Ní gá leis na trí phointe go léir chun marcanna iomlána a fháil**<br>NB: 10 marc, pointí sonracha a bhaineann leis an tionscadal ag teastáil | | • Iarracht déanta ar an aidhm a leagadh amach, nasc leis an ábhar a leagtar síos, nó tugtar achoimre ar chur chuige an taighde agus/nó foinsí |
| **Roinn B** Aiste Fhada - | Críochnúil 16 – 20 | Bunúsach 5 – 9 | An-bhunúsach 0 – 4 |
| *Eolas/ Tuiscint*<br><br>**(20 marc)** | • Achoimre ar eolas cruinn atá domhain **nó** leathan, ach bainteach leis an ábhar roghnaithe in easnamh in amanna.<br>• Tuiscint an mhaith déanta ar an ábhar roghnaithe. | • Eolas a léiríonn iarrachtaí ar thaighde, ach tá neamhleanúnachas sa chruinneas nó sa bhaint leis an ábhar roghnaithe san áireamh<br>• Tuiscint mhaith déanta ar an ábhar roghnaithe in amanna | • Níl ach eolas cineálach nó fánach a bhaineann leis an ábhar roghnaithe, an t-ábhar a leagtar amach, nó réimse na gClasaicí ann<br>• Níl tuiscint fhoriomlán ar an ábhar roghnaithe curtha in iúl |
| **Roinn B** Aiste Fhada - | Críochnúil 16 – 20 | Bunúsach 5 – 9 | An-bhunúsach 0 – 4 |
| *Anailís/ Smaoineamh criticiúil*<br><br>**(20 marc)** | • Pléitear an anailís go stuama le pointí forbartha<br>• Scileanna smaointeoireachta criticiúla maith nó an-mhaith | • Tá an anailís chineálach agus forbairt in easnamh<br>• Scileanna smaointeoireachta criticiúla léirithe in amanna | • Iarrachtaí déanta ar anailís, ach neamhrathúil den chuid is mó<br>• Ní théann sé i mbun anailíse/smaointeoireachta criticiúla |
| **Roinn B** Aiste Fhada - | Críochnúil 16 – 20 | Bunúsach 5 – 9 | An-bhunúsach 0 – 4 |
| *Taighde Fianaise/*<br><br>**(20 marc)** | • Foinsí san áireamh mar chuid den phlé / den fhorbairt ar phointí, nuair is ábhartha | • Tagairt déanta d'fhoinsí san aiste, más cuí | • Foinsí san áireamh sa leabharliosta amháin |

| **Roinn C** Athbhreithniú & Machnamh **(10 marc)** | Rannpháirtíocht mhaith<br>6 – 10 | Rannpháirtíocht bhunúsach<br>0 – 5 |
|---|---|---|
| | • Measúnú an tionscadail<br>• Machnamh déanta ar an tábhacht a bhaineann le taighde / tionscadal<br>• Féinmhachnamh déanta ar thaighde / próiseas scríbhneoireachta<br>****Ní gá leis na trí phointe go léir chun marcanna iomlána a fháil**<br>NB: 10 marc, pointí sonracha a bhaineann leis an tionscadal ag teastáil | • Iarracht déanta le hathbhreithniú a dhéanamh ar thaighde/ próiseas scríbhneoireachta nó machnamh a dhéanamh ar fhoghlaim |

| **Comhleanúnachas Foriomlán** *Cumarsáid & Struchtúr* **(20 marc)** | Comhleanúnach den chuid is mó<br>16 – 20 | Comhleanúnachas in easnamh<br>5 – 9 | Neamh-chomhleanúnach<br>0 – 4 |
|---|---|---|---|
| | • Léirithe go maith ar an iomlán, le struchtúr agus teanga uileghabhálach atá éasca a leanúint, ach d'fhéadfaí eagarthóireacht a dhéanamh air chun an gcomhleanúnachas foriomlán a fheabhsú.<br>• Aidhm TST gnóthaithe go páirteach.<br>• Comhlíonann sé an chritéir mar a luaitear san Achoimre TST 2025. | • Curtha i láthair go maith in amanna, le hiarrachtaí déanta chun struchtúir áirithe agus smaointe uileghabhálach a chur i bhfeidhm.<br>• Níos mó taighde agus dréachtáil ag teastáil chun aidhm an TST a fháil.<br>• Comhlíonann sé an chritéir mar a luaitear san Achoimre TST 2025. | • Curtha i láthair go dona agus struchtúr in easnamh chomh dona sin nach bhfuil aidhm an TST curtha in iúl.<br>• Ní chomhlíonann sé an chritéir mar a luaitear san Achoimre TST 2025. |

**Le tabhairt d'aire an scrúdaitheora:**

- Léigh an Tuarascáil Staidéir Taighde ina hiomlán sula marcálann tú aon rud.
- Bí cúramach gan phionós a ghearradh ar ghiorracht sciliúil, ná cúiteamh d'fhad gan údar.

**Céimeanna marcála:**

1) An TST a léamh ina hiomláine

2) An TST a léamh athuair agus gach roinn di a mharcáil: Roinn A, Roinn B, Roinn C agus Comhleanúnachas Foriomlán

Scrúdú na hArdteistiméireachta Léann Clasaiceach
2025 Gnáthleibhéal Scéim Mharcála

**Eolas ginearálta**
- 0 marc ar fhreagra nár tugadh faoi nó ar fhreagra ata go h'iomlán mícheart.

**Roinn A: 300 marc**

**1.** 30 marc

**(a)** 6 mharc, **2 mharc an ceann**
Ainm Gréagach: Séas
Ainm Rómhánach: Iúpatar
Siombail: ríchathaoir, iolar (aon siombail bhailí)

**(b)** 12 mharc, 4 mharc an ceann, aon fhíric bhailí faoi Shéas.

**(c)** 12 mharc bandáilte, scríobh faoi mhiotas in aon stíl, m.sh. achoimre, plé, cur síos, cuntas.

**12 mharc:** páirteach/iomlán (bunaithe ar leibhéal mionsonraí)
**10 marc:** bunúsach/neamhiomlán
**6 mharc:** an-bhunúsach

**2.** 30 marc

**(a)** 8 marc, **2 an ceann** d'aon suíomh bailí
Íomhá B:
Ainm: Teampall Eirictéas
Áit: An Ghréig, an Aithin, an Acropolis

Íomhá A:
Ainm: Teampall na nDéithe/an Paintéón
Áit: An Róimh, Campas Mhartius

**(b)** 12 mharc bandáilte, trácht ar an gcruth neamhghnách **ag baint úsáide** as sonraí ón íomhá

- bunaithe ar an leibhéal tuisceana/rannpháirtíochta a léirítear sa trácht, agus sonraí mar thaca leis

**12 mharc:** páirteach/iomlán
**10 marc:** bunúsach/neamhiomlán
**6 mharc:** an-bhunúsach

**(c)** 10 marc, i mbandaí

**10 marc:** páirteach/iomlán (sonrach)
**5 mharc:** an-bhunúsach/bunúsach (ginearálta)

**3.** 30 marc

**(a)** 8 marc**: 2 mharc an ceann**
Háidéas – rí an Domhain Thíos
Cerberus – madra cosanta an Domhain Thíos.
Carón – fear farantóireachta thar abhainn an Stiocs, bádóir an Domhain Thíos.
Heirméas – aon tagairt do na hanamacha a nglactar leo, tugann sé anamacha chuig an domhan thíos.

**(b)** 10 marc, i mbandaí

**10 marc:** páirteach/iomlán (eolas sonrach, mionsonraithe)
**5 mharc:** an-bhunúsach/bunúsach (eolas ginearálta, sonraí teoranta, eilimint amháin), mearbhall idir nósanna na Gréige agus na Róimhe

Ábhar Táscach: céimeanna sochraide, leagan amach na marbh, mórshiúl, ról na gcaoineoirí, adhlacadh, tairiscint bronntanas, níl focail Ghréagacha ná Laidine riachtanach chun na marcanna is airde a fháil.

**(c)** 12 mharc (9+3 i mbandaí, in aon ord), pointe bailí amháin do gach ceann.

| | | |
|---|---|---|
| **9 marc:** iomlán | + | **3 mharc:** iomlán |
| **4 mharc:** páirteach | | **1 mharc:** páirteach |

**4.** 30 marc

**(a)** 6 mharc,

**6 mharc** do Díodó nó banríon na Cartaige
**2 mharc** do bhanríon

**(b)** 12 mharc, i mbandaí.

- bunaithe ar leibhéal anailíse ar dhráma agus ar mhothúchán ag baint úsáide as fianaise ón íomhá; tagairt d'Aeinéas ag fágáil le haghaidh na marcanna is airde

**12 mharc**:páirteach/iomlán
**10 marc**:bunúsach/neamhiomlán
**6 mharc**:an-bhunúsach

Ábhar Táscach: d'fhéadfadh aontú nó easaontú, dírítear ar léiriú ar dhrámaíocht agus ar mhothúchán. Braistint drámaíochta cruthaithe ag dathanna, dorcha, íomhá dhorcha, ghiúmarach, suíomh daoine, cruthaíonn sé snáithe scéil, mothúchán, spreagann sé smaointeoireacht. Ní féidir aghaidheanna daoine a fheiceáil, ní cosúil leis an *Aeinéid*, loiscneoir i seomra leapa príobháideach.

**(c)** 12 mharc**,** i mbandaí

- Bunaithe ar leibhéal mionsonraí

**12 mharc**:páirteach/iomlán
**10 marc**:bunúsach/neamhiomlán
**6 mharc**: an-bhunúsach (plé ar radhairc nach bhfuil sa Chartaig)

<u>Ábhar Táscach</u>: teacht go dtí an Chartaig, cuairteanna ar theampall Iúnó, radhairc ó Chogadh na Traí, ról Iúnó agus Véineas, bualadh le Díodó, fleá, fiach, 'pósadh', Mearcair ag rá le hAeinéas imeacht, slán a fhágáil le Díodó, fearg Díodó.

**5.** 30 marc

**(a)** 3 mharc, **1 mharc an ceann**; Bréagach, Fíor, Fíor.

**(b**) 5 mharc, pointe bailí bunaithe ar mhionsonraí san íomhá. *(m.sh. clogad, sleá, M*eadúsa*, fíodóireacht.)*

**(c)** 10 marc, i mbandaí

- bunaithe ar leibhéal mionsonraí cáilíochta an tuairisc

**10 marc**: páirteach/iomlán
**5 mharc:** an-bhunúsach/bunúsach

<u>Ábhar Táscach:</u> Cosaint ó na suirí, bréagriocht, cuidíonn sé le Péinealaipé codladh, léiríonn / cuireann clisteacht Péinealaipé béim ar fhearann Aitéiné

**(d)** 12 mharc i mbandaí

- bunaithe ar fhorbairt tuairime nó ar mhéid eolais, ní mór cúiseanna soiléire a chur san áireamh

**12 mharc**:páirteach/iomlán
**10 marc:** bunúsach/neamhiomlán
**6 mharc:** an-bhunúsach.

<u>Ábhar Táscach:</u> Neart carachtair, dílseacht a choinneáil, Telemachus a thógáil, an teaghlach a bhainistiú, cráifeach, cliste, m.sh. fíodóireacht éadaigh, iomaíocht le bogha, leaba a bhogadh, luach saothair ag an deireadh as a bealaí gaisce, Aitéiné ar a taobh.

**6.** 30 marc: aon dá straitéis bhailí, 20 + 10, i mbandaí (in aon ord)

- bunaithe ar leibhéal eolais faoi straitéis; cad, conas, **agus/nó** cén fáth)

| Banda 20 marc | + | Banda 10 marc |
|---|---|---|
| **20 marc**: iomlán | | **10 marc,** páirteach/iomlán |
| **15 mharc**: páirteach | | **5 mharc**: an-bhunúsach/bunúsach |
| **5 mharc**: an-bhunúsach/bunúsach | | |

Ábhar Táscach,Alasadar Oiliúint ó aois óg, eolas ar an gcogadh, treorú trí shampla, rath i gcathanna mar gheall ar phleanáil gach gné m.sh. coisithe, marcshlua srl., Léigir – an cumas áiteanna daingne a shárú, ag baint úsáide as a bheartas cósta, beartas an oirthearachais, daoine eile a fháil ar a thaobh agus luaíochtaí a thabhairt dóibh, flaithiúil lena chuid fear, bronntanais agus airgead, airgead a sheoladh ar ais go dtí an Mhacadóin.

Ábhar Táscach, Caesar: Teaghlach dea-ghaolta (Mairias), oideachas i Ródas, cóireáil agus ruaigeadh na bhfoghlaithe mara, ina dhiaidh sin cursus honorum, caiteachas flaithiúil mar aeidíleach, a raibh tóir air le daoine, pontifex maximus, póstaí straitéiseacha, triúracht le Poimpéas agus Crassus, rath i gcogaí Gallacha, cumas mar ghinearál, dílseacht an airm, cogadh cathartha le Poimpéas, ceapachán mar dheachtóir, feallmharú.

**7.** 30 marc

**(a)** 6 mharc, i mbandaí

- bunaithe ar leibhéal tuisceana

**6 mharc:** iomlán/páirteach
**4 mharc**: an-bhunúsach/bunúsach
**2 mharc**: téacs a athrá mar a fheictear é amháin (níl sé i bhfocail féin)

**(b)** 14 mharc, i mbandaí

- bunaithe ar leibhéal tuisceana

**14 mharc**: páirteach/iomlán
**11 mharc**: bunúsach/neamhiomlán
**6 mharc**: an-bhunúsach.

Ábhar Táscach: gníomhas ainmnithe, aon ghné de shaol an charachtair roghnaithe, is féidir cur síos a dhéanamh ar an gcúis go bhfuil sé cáiliúil.

**(c)** 10 marc, i mbandaí

- bunaithe ar fhorbairt tuairime nó ar mhéid eolais, ní mór cúiseanna soiléire a chur san áireamh chun na marcanna is airde a bhronnadh

**10 marc**: páirteach/iomlán: pointí sonracha
**6 mharc**: an-bhunúsach: pointí ginearálta

**8.** 30 marc

**(a)** 8 marc, **2 mharc an ceann**

Íomhá K: Troid Gliairí; An Colasaem
Íomhá L: Rásaíocht charbad; Circus Maximus

**(b)** 8 marc, i mbandaí

**8 marc**: páirteach/iomlán (sonraí sonracha)
**4 mharc** an-bhunúsach/bunúsach (ginearálta)

Ábhar Táscach: Scála an fhoirgnimh, líon na ndaoine, cineálacha siamsaíochta a d'fhéach siad orthu, dathanna na bhfoirne, na foirne is fearr leo, gliairí, leibhéal torainn, déistin.

**(c)** 8 marc, i mbandaí

**8 marc**: páirteach/iomlán (sonraí sonracha)
**4 mharc**: an-bhunúsach/bunúsach (ginearálta)

Ábhar Táscach: cé chomh minic a tionóladh cluichí, méid na bhfoirgneamh agus líon na ndaoine a bhí i láthair, gealltóireacht, foinsí scríofa a mhíníonn tóir.

**(d)** 6 mharc

- Bunaithe ar leibhéal tuisceana

**6 mharc**: páirteach/iomlán (sonraí sonracha)
**4 mharc**: an-bhunúsach/bunúsach (ginearálta)

Ábhar Táscach: gliaire - bás nó faoiseamh, troid chun báis;
carbadtóir – luas, iomaíocht fíochmhar, ag gearradh na réimeanna de le héalú ó thuairt.

**9.** 30 marc

**(a)** 10 marc, aon dhá chúis bhailí (7+3)

| | | |
|---|---|---|
| **7 marc:** iomlán<br>**3 mharc:** páirteach | **+** | **3 mharc:** iomlán<br>**1 mharc:** páirteach |

Ábhar Táscach: nathanna áibhéileacha, éasca le feiceáil, aisteoirí i bhfolach, is féidir le haisteoirí níos mó ná páirt amháin a ghlacadh, inscne difriúla, cuid den tionchar drámatúil.

**(b)** 10 marc, ainm agus cur síos ar aon ghné bhailí (7+3, in aon ord)

| | | |
|---|---|---|
| **7 marc:** iomlán<br>**3 mharc:** páirteach | **+** | **3 mharc:** iomlán<br>**1 mharc:** páirteach |

Ábhar Táscach: leagan amach an amharclainne, fuaimíocht, ceol, an Cór, bealach isteach na gcarachtar, skene, deus ex machina, cultacha, bás lasmuigh den stáitse

**(c)** 10 marc (5+5)

**5 mharc:** cad a raibh Diníseas ina dhia dó

agus

**5 mharc:** iomlán - nasc leis an Tragóid Ghréagach ag baint úsáide as pointí sonracha
**1 mharc:** nasc páirteach/bunúsach- le Tragóid Ghréagach ag baint úsáide as pointí ginearálta

Ábhar Táscach: dia na fíon, drámaíochta agus na hamharclannaíochta, féile reiligiúnach ina onóir, Cathair Dionysia, altóir do Dhinísias, theastaigh uaidh dia na drámaíochta a chur faoi dhraíocht.

**10.** 30 marc

**(a)** 4 mharc: Méidé nó Philoctetes.

**(b)** 8 marc: i mbandaí

**8 marc**: páirteach/iomlán (sonraí sonracha)
**4 mharc**: an-bhunúsach/bunúsach (ginearálta)

**(c)** 8 marc (3+5)

**3 mharc** le haghaidh aon téama nó teachtaireacht bhailí
**2-5 mharc** tábhacht:

**5 mharc**: páirteach/iomlán
**2 mharc**: an-bhunúsach/bunúsach

Ábhar Táscach: fulaingt, aonrú, pian, feall; tábhacht don phlota chun forbairt a dhéanamh, carachta(i)r a thuiscint.

**(d)** 10 marc: i mbandaí

- bunaithe ar fhorbairt tuairime nó méid eolais, sampla soiléir amháin ar a laghad

**10 marc:** páirteach/iomlán
**5 mharc:** an-bhunúsach.

Ábhar Táscach: An chaoi a gcaitear le daoine eile leis an gcarachtar roghnaithe, an caidreamh leis an gCór, cén fáth ar ghníomhaigh siad mar a ghníomhaigh siad.

**Roinn B: 100 marc**

Ceist 11: 50 marc

**(a)** 20 marc: **5 mharc** as aon línte bailí, **15 mharc** do mhíniú, bandáilte

- bunaithe ar leibhéal tuisceana

**15**: páirteach/iomlán
**10**: bunúsach/neamhiomlán
**5**: an-bhunúsach.

**(b)** 30 mharc

Le haghaidh gach ceann de na ceisteanna seo **(11bi, 11bii, 11biii)** úsáidtear an scéim mharcála céanna atá roinnte ina dá chuid:

• Forbairt ábhair ag teastáil chun an cheist a fhreagairt go hiomlán **(20 marc)**

• Cáilíocht fhoriomlán an fhreagra **(10 marc)**

**Forbairt Ábhair (20 marc)**

• 10 marc do **gach** aonad forbartha

• Gnéithe d'aonad forbartha: déanann an t-iarrthóir **pointe** ábhartha, áirítear ábhartha

fianaise chun tacú leis an bpointe **(eolas**/tuiscint) agus déanann sé roinnt forbartha ar an bpointe (**anailís**/mionsonrú/plé).

• Marcáiltear gach aonad forbartha bunaithe ar an leibhéal forbartha:

• **10 marc** le haghaidh pointe fhorbartha

• **7 marc** le haghaidh pointe bunúsach

• **4 mharc** le haghaidh pointe an-bhunúsach

**Cáilíocht Fhoriomlán (10 marc)**

• Plé foriomlán leis an gceist **agus** tuiscint fhoriomlán ar ábhar gaolmhar

**8-10 marc:** Dea-Cháilíocht

o Dírítear ar an gceist; tá na pointí leagtha amach agus tacaithe ag fianaise ábhartha agus chruinn.

**1-7 marc**: Cáilíocht Íseal

o Plé teoranta leis an gceist; iarracht pointí a dhéanamh, ach tá easpa fianaise/samplaí chun tacú leis na pointí a dhéantar; braitheann ar insint den chuid is mó.

**Ceisteanna 12 - 16: 50 marc**

Le haghaidh gach ceann de na ceisteanna seo úsáidtear an scéim mharcála céanna atá roinnte ina dá chuid:

• Forbairt ábhair ag teastáil chun an cheist a fhreagairt go hiomlán (30 marc)

• Cáilíocht fhoriomlán an fhreagra (20 marc)

**Forbairt Ábhair (30 marc)**

• Gnéithe d'aonad forbartha: déanann an t-iarrthóir pointe ábhartha, áirítear fianaise ábhartha chun tacú leis an bpointe (eolas/tuiscint) agus forbraítear an pointe (anailís/míniú breise/plé).

• Struchtúr táscach na n-aonad: (15 + 15), (10+10+10), (8+8+7+7)

• Marcáiltear gach aonad forbartha bunaithe ar an leibhéal forbartha:

11-15 mharc le haghaidh pointe dea-fhorbartha

8-10 marc le haghaidh pointe fhorbartha

1-7 marc le haghaidh pointe bhunúsaigh

**Cáilíocht Fhoriomlán (20 marc)**

• Plé foriomlán leis an gceist agus tuiscint fhoriomlán ar ábhar gaolmhar

**15-20 marc:** Dea-Cháilíocht

o Dírítear ar an gceist; tá na pointí leagtha amach agus tacaithe ag fianaise ábhartha agus chruinn.

**1-14 mharc:** Cáilíocht Íseal

o Plé teoranta leis an gceist; iarracht pointí a dhéanamh, ach tá easpa fianaise/samplaí chun tacú leis na pointí a dhéantar; braitheann ar insint den chuid is mó.

| Marcanna | Tuairisceoirí do mharcanna foriomlána a bronnadh ar Cheisteanna 12-16 |
|---|---|
| 41-50<br><br>An-Mhaith / Iomlán | Léiríonn eolas maith ar an ábhar, ach níl sé go léir ábhartha.<br>Roghnaíonn fianaise an-mhaith chun tacú lena bpointí.<br>Tugtar aghaidh ar an gceist a cuireadh, ach ní ar bhealach leanúnach ná ciallmhar i gcónaí. Tá beagnach gach smaoineamh agus/nó pointe fiúntach agus ábhartha. |
| 31-40<br><br>Go Maith / Páirteach | Léiríonn eolas maith ar an ábhar, ach tá cuid de nach bhfuil ábhartha.<br>Roghnaíonn fianaise mhaith, ach ní thacaíonn an fhianaise go léir lena gcuid pointí.<br>Ní phléitear roinnt gnéithe den cheist. Tá cuid de na smaointe agus/nó na pointí fiúntach agus ábhartha. |
| 21-30<br><br>Bunúsach | Léiríonn roinnt eolais ar an ábhar, ach tá go leor sonraí neamhábhartha.<br>Roghnaítear fianaise, ach ní thacaíonn sé go leordhóthanach le pointí nó le tuairimí.<br>Ní phléitear a lán gnéithe den cheist. Tá beagán smaoineamh agus/nó pointí fiúntach agus ábhartha. |
| 1-20<br><br>An-bhunúsach | Léirítear eolas nó tuiscint theoranta ar an ábhar. Roghnaítear beagán fianaise/ní roghnaítear fianaise chun tacú le pointí.<br>Ní phléitear a lán gnéithe nó ní phléitear gné ar bith den cheist. Easpa aidhme agus ábharthachta ag baint leis an gcuid is mó de smaointe agus/nó pointí. |